

## Fógra Suímh

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)  
Na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Seirbhís Cultúir, Áineasa & Eacnamaíochta**

**Láithreán:** Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8

**Togra:** De bhun na riachtanas a bhaineann leis an méid thuasluaite, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé i gceist ag

*Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iarratas a dhéanamh ar chead pleanála d'fhorbairt ar oileán beag díreach lastoir den chora laistigh den Life in aice le Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8.*

*Is éard a bheidh san fhorbairt:*

*(a) Córas pontúin ar snámh laistigh den Life ar ancaire de chladach an oileáin mar atá.*

*(b) Ardán nua cloiche agus coincréite tógtha amach ó bhruach na habhann agus atá ceangailte leis an bpontún trí stangairt nua.*

*(c) Fásra a bhaint ar an mbealach isteach go dtí an pontún agus bealach siúil rochtana nua a shuiteáil ó dheas na Life uachtair ag an gcora go dtí an pontún nua atá suite ó thuaidh ar an Life íochtair.*

*(d) Droichead coise cruach atá lonnaithe ar an oileán a bhaint go sealadach, a athchóiriú agus a chur ar ais mar a bhí.*

*(e) Fásra lag atá ann cheana féin a bhaint, crainn shláintiúla atá ann cheana féin a phrúnáil agus 25 crann nua d'ardchaighdeán a athphlandú agus toir atá dúchasach d'Éirinn a fhás.*

*(f) Na hoibreacha coimhdeacha uile a bhaineann leis an méid thuas, amhail athghrádú sealadach na talún le linn oibreacha láithreáin le haghaidh rochtain ar an oileán.*

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha atá molta a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse 4 seachtaine ón 09/11/2023 le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan - Aoine 9.00am go 4.30pm Tá Pleananna agus mionsonraí ar fáil le féachaint orthu ar líne ar Spás na Saoránach.

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, tá sé socraithe ag an Údarás Áitiúil nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá molta ar an gcomhshaol, agus mar sin, níl gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt atá molta a dhéanamh i scríbhinn, sa chás go mbaineann sí le pleanáil cheart agus le forbairt inmharthana an cheantair ina mbeadh an fhorbairt lonnaithe, agus í a chur chuig an mBainisteoir Feidhmiúcháin, An Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30pm ar an 20/12/2023. Luaigh más féidir aighneachtaí a dhéanamh ar líne ar Spás na Saoránach roimh 23.59 uair an 20/12/2023.